

## Financial Guideline P11 - 2017/2018

### Registering for Revenue Online Service (ROS)

ROS is an online facility which provides you with a quick and secure way to pay tax liabilities, file returns and access your school's tax details. For schools, ROS is needed for such areas as VAT, RCT and Payroll.

The ROS facilities are available 24 hours a day, 7 days a week, 365 days a year. You can benefit from an extension to existing deadlines for paying tax and filing returns if you both pay and file using ROS. This online service is compulsory and will enable BOM's to comply with Revenue e-filing requirements.

The benefits of registering for ROS include:

- The ability to file returns online
- Make online payments using RDI (Ros Debit Instruction)
- Conduct business electronically i.e. use of Myenquiries so you can contact the revenue in a secure environment

Click on the below links to access step by step training videos that Revenue have issued on Registering for Revenue Online Service (ROS):

Step 1 - [Apply for your ROS Access Number \(RAN\)](#)

Step 2 - [Apply for your Digital Certificate](#)

Step 3 - [Download and Save your Digital Certificate](#)

Please allow sufficient time when applying for your ROS Access Number (RAN) as it can take up to 5 working days to receive by post.

**If you require any further information, please email [primary@fssu.ie](mailto:primary@fssu.ie) or phone (01) 910 4020**

**Financial Support Services Unit**

## Treoir Airgeadais P11 - 2017/2018

### Clárú le haghaidh Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

Saoráid ar líne is ea ROS, a chuireann ar do chumas dliteanais chánach a íoc, tuairisceáin a chomhdú agus rochtain ar shonraí cánach do scoile ar bhealach, tapa, slán sábháilte. I gcás scoileanna, tá ROS ag teastáil le haghaidh Cáin Bhreisluacha, Cáin Conarthaí Iomchuí agus Párolla.

Bíonn fáil ar shaoráidí ROS 24 uair an chloig, seacht lá na seachtaine, 365 lá na bliana. Ina theannta sin, beidh tú in ann buntáiste a bhaint as síneadh ama ar na gnáth-spríocamanna i ndáil le cáin a íoc agus tuairisceáin a chomhdú má úsáideann tú ROS le hiad a íoc agus a chomhdú. Tá an tseirbhís ar líne seo éigeantach agus cuirfidh ar chumas Boird Bhainistíochta ceanglais r-chomhdaithe na gCoimisinéirí Ioncaim a chomhlíonadh.

I measc na mbuntáistí atá i gceist le ROS tá:

- Tuairisceáin a chomhdú ar líne
- Íocaíochtaí a dhéanamh ar líne le Treoir Dhochair ROS (TDR, nó RDI i mBéarla)
- Gnó a riaradh go leictreonach, .i. moChúrsaí a úsáid le teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim i dtimpeallacht shlán.

Cliceáil ar na naisc thíos le rochtain ar fhíseáin oiliúna céim ar chéim atá curtha amach ag na Coimisinéirí Ioncaim le cabhrú le daoine Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) a úsáid:

Céim 1 - [Déan iarratas ar d'uimhir rochtana ROS \(URR, nó RAN i mBéarla\)](#)

Céim 2 - [Déan iarratas ar do Dheimhniú Digiteach](#)

Céim 3 - [Íoslódáil do Dheimhniú Digiteach agus sábháil é](#)

Déan d'iarratas ar Uimhir Rochtana ROS (URR, nó RAN i mBéarla) in am trátha de bharr go dtógann sé suas le 5 lá oibre í a fháil tríd an bpost.

**Má bhíonn aon eolas breise uait, ná bíodh aon drogall ort r-phost a chur chuig [primary@fssu.ie](mailto:primary@fssu.ie) nó glao a chur ar (01) 910 4020.**

**An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU)**